

Gabh umad, a Fheidhlimidh

[Myles Dillon, ‘The inauguration of O’Conor’, *Medieval studies presented to Aubrey Gwynn*, ed. J. A. Watt et al., Dublin, 1961, 186-202]

1 Gabh umad, a Fhéidhlimidh,
ionnsuigh an carn gan fhuireach!
Ag sin thiar ar éinshlighidh
teóra Connacht ’gud chuireadh.

2 Is uasal an cuireadh-sa
atá aca fád chomhair;
as mur sin don chuideachta
bhias do láthar it fhochair.

3 Ó Bhiorra go Bun Drobhaoisi
tángadar cách it choinde:
a ccoinne do chomhaoisi
fada ó thángadar roimhe.

4 Síol mórdhusach Muireadhaigh,
ó Bhúill, ó Chéis, ó Chruachain,
tángadar fád chuireadh-soin
le rígh mhaicne Mhaol Ruanaigh.

5 Aicme ríoghdha Raghallach,
muintir Ruairc, ríoghradh Bréifne,
do ghabhsat an ghasradh-sin
dhá longphurt láimh re chéile.

6 Clanna Céir mhic Fherghusa,
Corcumruadh, Clanna Conmhaic,
trí sluaigh mhóra mheadhracha
láimh re chéile ar thrí tolchaibh.

7 Clanna Céin mhic Oilealla,
clann Chosgraigh, cath Ó Maine,
'na thrí cathaibh coimhtheanna
nach líonmhaire fér faithche.

8 Clanna Fiachrach foltsnáithigh
ó Mhuaidh, ó Echtghe, ó Iorrus,
do-chuadar ó chomháirimh
dá ndlús agus dá n-iomad.

9 Easpaigh agus airdeaspaig,
ollamhuin ann 'gut fhuireach;
ní tugadh le haimseraibh
a leithéid sin do chuireadh.

10 Ní fhuil rígh ná rodhamhna
dán dú ríghadh rígh Connacht
ná mionn cáidh ná comharba
nach fful a cCarn Fraoich romhad.

11 Luathaigh ort, a Fhéidhlimidh,
nárob móide do dhíomus
a tteacht sin ar énshlighidh
go Carn Fraoich do bhor ríoghadh.

12 Do-ghéabhair ón ríoghraídhe-se
ionadh branáin 'sa bhrannabh
a gCarn Fraoich na ríoghraídhe
'nar ríogh Pádraig Duach Galach.

13 Gérbh é an Duach sa ór gheineabhair
mac dob óige aga athair,
is dó sin do chreideabhair,
[cách] uile rob séd samhail.

14 Clann Muireadhaigh Muilleathain
geurb é Connmach a sinnsear,
Iondreachtach mac Muireadhaigh
is aige ro bhaoi an oidhreacht.

15 Tadhg mac Cathail chomhromhaigh
aga raibhe an chlann oirrdheirc,
tamhon chinidh Conchobhair
mac dob óige don chloinn-sin.

16 Is mar sin do Thoirrdhealbhach
dá ttugadar cách ceannas;
cíos Éireann gan oirbhearnadh
tugadh dó is é 'na leanabh.

17 Do bhí a lán budh aosmhuire
dá chineadh ris ag coinntinn;
do chuala gach aonduine
iomthúsa Chathail Chroibhdheirg.

18 Ní tar áis fuair th'athair-se
an cúigeadh áighe d'Éirinn;
nocha ttét an tsamhail-se
tar teach amach, a Fhéilim.

19 Níorbh iongnadh, a Fhéidhlimidh,
do thogha i n-áit na ríghe;
do chíthear gan édeimhin
néal ríogh 'san bhall i mbí-se.

20 Is tú as rí ar chéimeannaibh,
a Í Dhuach ghuthbhinn Ghalaigh;
mór an obair éinteangadh
do thuarasgbháil do thabhairt.

21 A chuiléin ón Cruachain-ráith
do chuaine Chathail Chroibhdheirg,
dá ttugainn do thuarasgbháil
nocha sgarfainn re coinntinn.

22 Dá mhéit damh badh oirchise
do mhaithghníomhartha do fhainsnéis,
ar eagla na coinntinne
ní bheanfad féin red chaithréim.

23 Ní dá rádh go ndearnabhair,
is do chuala dá chur oraibh,
airgthe muighe Breaghmhaighe
agus milleadh an Mhothair.

24 Ní do dhéanamh fiadhnaise
is do chuala mé gur chreachais
Hí Bhriúin agus Ciarraighe
fa trí huairibh nó ceathair

25 Dorus mhúir Mhég Eochagáin,
ní dá innisin oraibh,
do fosgladh é let eocharláimh
créad ach comhartha sonais?

26 Níorbh iongnadh an sonas-sin
do bheith ar do chéibh chlannaigh;
atá an t-ágh ar Chonnachtaibh
ariamh fá Áth an Urchair.

27 Sgéal beag ar an sonas-sa
do bhiadh agam, a Fhéilim,
ní do sgur dot mholadh-sa
mo cheard féin cidh fá ttréigfinn?

28 Laithe n-aon dar ghabhadar
Connachtaigh agus Ultaigh
níorbh í an choinne charadraidh
againne fa Áth an Urchair.

29 Le Meidhbh Chruachain chomhromhaigh
téid bantracht chóigidh Chonnacht
d'fhéachain chrotha Chonchobhair,
dúil fa deighdhealbhdha ar domhan.

30 Ar ndul dona hingheanaibh
do dhéachain airdríogh Uladh,
deacair dul dá n-inntleachtaibh,
téid Ceat i gceilg 'na cumasg.

31 Ar dteacht don tuir thréanchobhsaidh
do chomhrádh re mhnáibh Meadbha,
marbhais Ceat fear d'éanorchar
díobh le hinchinn Mheis Geaghra.

32 Gá dú ach is ón urchur-sin
do baisteadh Áth an Urchair;
táinig aidhidh Chonchobhuir
gé do ránaig beó a nUlltaibh.

33 Lá eile da ndeachadar
Connachta ar an áth céadna
's é an uair sin ag eachtrannaibh,
Cathal Croibhdhearg 's a sgéala.

34 Gér theirce d'Ua Chonchubhair
ná don tshluágh eachtrann airmghéar,
loisgeadh leis an longphort-soin
ní gnáth deireadh ar ghaillsgéal.

35 Is mar sin do loisgis-se
Áth an Urchair, a Fhélim,
luach nó dhó na hoibri-se
dot chlú do-chuaidh fo Éirinn.

36 Builg dhonna ar do dhearnannaibh
do bhí ar mbriseadh an bhaile;
dá luach nó trí a ndernabhair
tugais leat ó chnoc aisde.

37 Ar n-imtheacht le a n-éadálaibh
d'urmhór a ndeachaidh libh-se
béalaid ort ar éanláthair
Laighnigh agas Fir Mhidhe.

38 Is annsin do ráidhis-se
riot féin a gceartlár Gaoidheal;
“tairgidh fear na táiplise
cluiche do bhrefth re haoinfhear.”

39 Tusa féin an t-aoinfhear-sin
a bhranáin óir is fhithchill!
Rugais cluiche ar Ghaoidhealaibh!
Imir feasta go hinnill.

40 Ní beag dáibh a ndearnabhair,
suidh i gCruachain red chathaibh,
tabhair chugad th'fheadhmannaigh
agus déana do bhanais!

41 Rí Búille do mharasgál,
do thaoiseach séad Ó Ceallaigh,
is t'ardmhaor Ó Flannagáin,
Ó Floinn is maor dot eachaibh.

42 Do thaoiseach giall Ó hAinlidhe,
Ua Dabhtha ceann do chabhlaigh,
fir lúthmhara láidire,
ar tir ar loch ní lamhthair.

43 Cúlchoimhéad ag Eachlannchaibh
taoiseach ceithearn is conmhaor
gasradh dhaoineach dheaghthapaidh
samhail na Féine a Formaoil.

44 Gach feidhm nach bí ag feedhmannach
d'Ua Bheirn ní beag an freastal;
is dó is dual feedhmantus
maith re roinn is re reachtas.

45 Do longa ag Ua Flaithbheartaigh
agus ag airdrígh Umhaill;
Laighnígh agus Gaileangaigh
bhar bhflatha fialaing.

46 Triath Ua Taidhg th'fhear díóghaltais
agus do thaoiseach teaghlaigh
do dhoirseoir Ó Fíonnachtaigh
agus mise do sheanchaidh.

47 Ní bhíu, a aingidh Chonachail,
re th'aos feedhma ní is faide;
is tearc triath i gConnachtaibh
gan feedhmantas uaibh aige.